# Maoiniú ón gCiste Rochtana

# V1.0

## Treoirlíne do

## Bhoird Oideachais agus Oiliúna

## V1.0

SOLAS learning works
Rialtas na hÉireann Government of Ireland
Tionscadal Éireann Project Ireland 2040
Co-funded by the EUROPEAN UNION

# Clár


Réamhrá .... 3

Prionsabail uileghabhálacha an mhaoinithe .... 4

Coinníollacha an mhaoinithe .... 4

Catagóirí maoinithe .... 5

Próiseas iarratais .... 6

Critéir meastóireachta maoinithe .... 6

Critéir mheastóireachta maoinithe a bhaint amach – maitrís scórála .... 6

Maoiniú a leithdháileadh .... 7

Riachtanais tuairiscithe .... 7

Aguisín 1- Téarmaí agus Coinníollacha Maoinithe SOLAS .... 9

Aguisín 2 – spriocghrúpaí tosaíochta/spriocghrúpaí ar leith .... 15

Aguisín 3 – Spriocghrúpaí ‘Straitéis Litearthachta don Saol Aosach’ .... 16

Aguisín 4 – teimpléad maitríse scórála .... 17

## Réamhrá

Tá sé mar aidhm ag maoiniú ón gciste Rochtana (MAEDF roimhe seo) tacaíocht a chur ar fáil d'fhoghlaimeoirí faoi mhíbhuntáiste oideachasúil chun teacht ar oideachas pobail agus páirt a ghlacadh ann. Tá sé mar aidhm aige cur le rannpháirtíocht i measc foghlaimeoirí faoi mhíbhuntáiste, go háirithe ina measc siúd atá ag tabhairt faoi chláir litearthachta agus scileanna.. Tá béim láidir sa chiste ar bhonneagar digiteach soláthraithe oideachais pobail a fhorbairt, lena n-áirítear gléasanna agus bogearraí a sholáthar, agus cur lena gcumas foghlaim a sheachadadh. Dearadh an ciste go sonrach chun dul i ngleic le neamhionannais agus chun tacú le rochtain ar oideachas pobail, agus bhí sé i gceist aige freisin aghaidh a thabhairt ar ghníomhartha sonracha sa Litearthacht d'Aosaigh don Saol (ALL) chun maoiniú a dhíriú ar rochtain ar theicneolaíocht agus gléasanna, chun cur le rochtain an phobail ar acmhainní wi-fi agus leathanbhanda agus chun aghaidh a thabhairt go díreach ar riachtanais litearthachta nach bhfuiltear ag freastal orthu.

Bunaithe ar aiseolas a fuarthas ó Bhoird Oideachais agus Oiliúna (BOOanna), ó ghrúpaí agus ó ionadaithe pobail, tá athbhreithniú déanta ag SOLAS i gcomhairle leis na BOOanna ar an modh chun iarratas a dhéanamh ar an maoiniú seo atá ar fáil anois trí phróiseas FAR4. Deimhneofar an leithdháileadh deiridh nuair a cheadaítear na leithdháiltí maoinithe foriomlána BOO.

Tá leas an chiste seo aitheanta go forleathan i measc na bhfoghlaimeoirí agus na soláthróirí - mar sin, chun tógáil ar an dea-obair seo, meabhraítear do na Boird Oideachais agus Oiliúna dul i dteagmháil le grúpaí pobail chun a fháil amach conas is fearr tacú leis na grúpaí seo ina gcuid iarrachtaí.

Cuirtear na nithe seo a leanas ar fáil sna treoirlínte seo

- Prionsabail uileghabhálacha an mhaoinithe
- Coinníollacha an mhaoinithe

- Catagóirí maoinithe
- Critéir meastóireachta maoinithe
- Maoiniú a leithdháileadh
- Riachtanais tuairiscithe

## Prionsabail uileghabhálacha an mhaoinithe

Is é is cuspóir leis an gciste Rochtana cabhrú le BOOanna chun cur lena gcumas agus le cumas soláthraithe oideachais pobail aghaidh a thabhairt ar an laghdú ar rannpháirtíocht i measc foghlaimeoirí faoi mhíbhuntáiste, go háirithe i measc siúd ar chláir litearthachta agus scileanna bunúsacha ag leibhéil CNC 1 go 3. Leagann an ciste béim láidir ar oideachas pobail mar mheicníocht chun leanúint le tacú le foghlaimeoirí faoi mhíbhuntáiste agus chun dul i dteagmháil leo. Ina theannta sin, tá fócas ar infheistíocht a chumasú i mbonneagar digiteach soláthraithe a fhorbairt agus ar chinntiú go mbeidh sé ar a gcumas foghlaim ar líne/foghlaim chumaisc a sheachadadh ar bhealach a fhreastalaíonn ar riachtanais chasta na bhfoghlaimeoirí. Níor cheart go mbeadh aon drochthionchar ag tionscadail mholta ar sheirbhísí reatha nó ar sholáthar a mhaoinítear tríd an BOO.

## Coinníollacha an mhaoinithe

### Rialachas

Tá BOOanna freagrach as deontais a cheadú agus riaradh is bainistiú a dhéanamh ar mhaoiniú a leithdháileann SOLAS ar an BOO faoin gciste Rochtana. Ní mór do Bhoird Oideachais agus Oiliúna iad féin a shásamh go gcloíonn aon deontais ar aghaidh le gach oibleagáid reachtúil, gach oibleagáid de chuid an Aontais Eorpaigh agus le gach oibleagáid eile atá i bhfeidhm agus mar atá leagtha amach in **'Téarmaí agus Coinníollacha Maoinithe'** SOLAS dar dáta 1 Eanáir 2023 (féach aguisín 1).

### Caiteachas

Ní mór do leithdháileadh maoinithe faofa d'aon tionscadal faoin gciste Rochtana na critéir a leanas a shlánú:

(a) é a úsáid chun na críche sainiúla atá beartaithe.

(b) é a chaitheamh faoi dheireadh na bliana 2023.

(c) gan é a úsáid le haghaidh aon chostais phá nó costais de chineál athfhillteach.

Nóta: Maidir le tionscadail inmheánacha (BOO), má tá foireann bhreise ag teastáil don tionscadal Rochtana, caithfear iarratas ar chéadú soláthair foirne a chur isteach an ngnáthbhealach.

Maidir le tionscadail sheachtracha (nach mbaineann le BOO), sa chás go n-úsáidtear maoiniú ón gciste Rochtana le híoc as costais foirne, ní mór a chinntiú go mbaineann gealltanais/conarthaí foirne le cuspóir sonrach nó le téarma seasta agus nach féidir síneadh a chur leis na gealltanais/conarthaí níos faide anonn ná deireadh 2023.

## Catagóirí maoinithe

Tá BOOanna chun an próiseas iarratais a bhainistiú agus ba chóir dóibh moltaí a chomhlíonann na catagóirí maoinithe mar atá leagtha amach thíos a mheas le haghaidh maoinithe

1. Ciste cúnaimh i gcomhair foghlaimeoirí, lena n-áirítear tionscadail for-rochtana oideachais/meantóireachta/costas iompair d'fhoghlaimeoirí/freagairt phráinneach oideachais.
2. Tionscadail ghlasa nuálacha.
3. Tionscadail atá dírithe ar chur le rannpháirtíocht san fhoghlaim le spriocghrúpaí.
4. Imeachtaí/feachtais feasachta a chuireann le beartas agus reachtaíocht comhionannais.
5. I gcomhréir leis an straitéis Litearthachta don Saol Aosach, gníomhaíochtaí sonracha a;
    - thugann aghaidh go díreach orthu siúd a bhfuil riachtanais litearthachta acu nach bhfuiltear ag freastal orthu
    - díriú ar mhaoiniú ar rochtain ar theicneolaíocht agus ar ghléasanna
    - cur le rochtain an phobail ar acmhainní Wi-Fi agus leathanbhanda
6. Grúpaí pobail sa chéim réamhfhorbartha chun tacú leis na grúpaí is mó ar an imeall agus is mó atá faoi mhíbhuntáiste.
7. Tacaíocht do ghrúpaí dídeanaithe chun tacú le soláthar oideachais agus oiliúna agus chun cuimsiú cultúrtha agus sóisialta a chur chun cinn/ agus chun tacú leis, lena n-áirítear taighde agus/nó anailís riachtanas.

## Próiseas iarratais

Tá BOOanna chun cuireadh a thabhairt do Bhainisteoirí an tsoláthair Oideachais Phobail (go hinmheánach don BOO nó do sholáthróirí seachtracha Oideachais Phobail) chun iarratas a dhéanamh faoi na critéir atá leagtha amach sna treoirlínte seo.

## Critéir meastóireachta maoinithe

Ó thaobh dea-chleachtais de, moltar do gach Bord Oideachais le linn dóibh athbhreithniú a dhéanamh ar iarratais ar an gciste Rochtana, grúpa athbhreithnithe inmheánaigh a chur i mbun na hoibre sin. Ní mór do gach iarratas ar mhaoiniú ón gciste Rochtana atá á athbhreithniú na critéir mheastóireachta maoinithe an Chiste Rochtana a chomhlíonadh.

## Critéir mheastóireachta maoinithe a bhaint amach – maitrís scórála

| | Critéir | Riachtanach | Inmhianaithe |
|---|---|---|---|
| **A** | Tacaíonn an tionscadal le haidhmeanna an chiste Rochtana. Tacaíonn = 1, Ní thacaíonn = 0 | 1 | |
| **B** | Ní dhéanann an tionscadal aithris ar obair eagraíochtaí forbartha pobail. Tacaíonn = 1, Ní thacaíonn = 0 | 1 | |
| **C** | Tá toradh oideachais soiléir, follasach agus dearfach ag baint leis an tionscadal d'fhoghlaimeoirí. Tacaíonn = 1, Ní thacaíonn = 0 | 1 | |
| **L** | Baineann an togra atá dírithe ar mhíbhuntáiste oideachasúil le D.1 nó D.2 thíos: | 1 | |
| | D.1 Grúpa pobail a dhíríonn ar mhíbhuntáiste oideachasúil. Is ea = 2, Ní hea = 0 | | 2 |
| | D.2 An BOO (togra inmheánach) Is ea = 1, Ní hea = 0 | | 1 |
| **E** | Tá togra an spriocghrúpa dírithe ar: | | |
| | E.1 Spriocghrúpa tosaíochta/spriocghrúpa ar leith = 3 | | 3 |
| | E.2 Spriocghrúpaí 'Straitéis Litearthachta don Saol Aosach' = 3 | | 3 |
| | E.3 Foghlaimeoirí lánfhásta faoi mhíbhuntáiste = 2 | | 2 |
| | E.4 Foghlaimeoirí Breisoideachais agus Oiliúna eile = 1 | | 1 |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| | E.5 | Foghlaimeoirí eile uile = 0 | | 0 |
| **F** | Tá an grúpa pobail lonnaithe laistigh de limistéir dhubha dífhostaíochta/limistéar faoi mhíbhuntáiste laistigh de Réigiún na mBord Oideachais agus Oiliúna. Tá = 1, Níl = 0 | | | 1 |
| **G** | Molann an tionscadal cur chuige nuálach chun díriú ar mhíbhuntáiste oideachasúil. Tacaíonn = 1, Ní thacaíonn = 0 | | | 1 |
| **H** | Is féidir torthaí an tionscadail a nascadh le tairbhithe ar PLSS. Is féidir = 1, Ní féidir = 0 | | | 1 |
| | | | | |
| **Scór íosta iomlán le baint amach chun an t-iarratas a mheas do mhaoiniú Rochtana** | | | **4** | **5** |

## Maoiniú a leithdháileadh

Agus iad ag iarraidh an leithdháileadh maoinithe a chinneadh faoin gciste Rochtana, ba cheart do gach Bord Oideachais agus Oiliúna deimhin a dhéanamh de go gcomhlíontar na fachtóirí seo a leanas

1. Rinneadh athbhreithniú ar an iarratas ar mhaoiniú trí úsáid a bhaint as na critéir mheastóireachta maoinithe Rochtana atá leagtha amach thuas agus comhlíonann sé na riachtanais maidir leis an scór íosta.
2. Comhlíonadh gach riachtanas agus dearbhú rialachais maidir le conas a chaithfí an maoiniú seo, dá ndéanfaí é a fhaomhadh.
3. Níl aon dúbailt ar mhaoiniú Stáit.
4. Cloítear le coinníollacha an mhaoinithe.

## Riachtanais tuairiscithe

Beidh ar BOOanna tuairisciú faoin conas a úsáideadh maoiniú ón gciste Rochtana; sonraí a thuairisciú chun na nithe seo a leanas a chur san áireamh mar shampla:

Líon na dtograí a fuarthas, a faomhadh, spriocghrúpaí ar mhaoiniú agus líon na dtairbhithe don mhaoiniú, catagóirí maoinithe agus méideanna faofa, tairbhí agus torthaí ionchasacha

an mhaoinithe, an maoiniú a caitheadh. Eiseoidh SOLAS teimpléad tuairisce a bhaineann leis an méid thuas astu féin. Chomh maith leis an méid thuas, leanfar leis an tuairisciú airgeadais leanúnach a dhéanamh trí phróiseas FAR4.

Ní mór trí thuarascáil ar úsáid an Chiste Rochtana a chur faoi bhráid SOLAS:

- Clúdóidh an chéad tuarascáil an tréimhse suas go dtí deireadh mhí an Mheithimh 2023, **an 20ú lá d'Iúil 2023 an dáta deiridh don tuarascáil.**
- Clúdóidh an dara tuarascáil an tréimhse suas go dtí deireadh mhí Mheán Fómhair 2023, **an 20ú lá de mhí Dheireadh Fómhair 2023 an dáta deiridh don tuarascáil.**
- Clúdóidh an tuarascáil deireadh bliana an tréimhse suas go dtí deireadh mhí na Nollag 2023, **an 26ú lá d'Eanáir 2024 an dáta deiridh don tuarascáil.**

## Aguisín 1- Téarmaí agus Coinníollacha Maoinithe SOLAS

**Téarmaí agus Coinníollacha an Mhaoinithe**

Leagann na Téarmaí agus Coinníollacha seo an caidreamh foirmiúil idir SOLAS agus an BOO amach. Is é bunchloch an chaidrimh ná soláthar maoinithe ó SOLAS don BOO, chun go soláthróidh an BOO seirbhísí breisoideachais agus oiliúna (‘Na Seirbhísí’), mar atá leagtha amach sa reacht.

**Seirbhísí**

1. Chun Cistiú a fháil, déanfaidh an BOO na nithe seo a mheas:

    1.1 Na Seirbhísí a sholáthar mar a leagtar amach sa Litir um Leithdháileadh Deontais a Fhaomhadh agus san Iarratas ar Leithdháileadh Cistithe a bhaineann léi agus cáipéis, sceidil agus treoirlínte gaolmhara mar fhreagra ar Cháipéis Bhliantúil Ceanglas Maoinithe de chuid SOLAS agus Comhaontú Straitéiseach Feidhmíochta na mBord Oideachais agus Oiliúna.

    1.2 Aontú le cloí leis na Téarmaí agus Coinníollacha atá anseo.

2. Mura gcomhaontófar a mhalairt le SOLAS i scríbhinn agus roimh ré, ní chuirfidh an BOO an Maoiniú i bhfeidhm ach de réir fhorálacha na dTéarmaí agus na gCoinníollacha seo le haghaidh na Seirbhísí atá leagtha síos sa Litir bhliantúil um Leithdháileadh Maoinithe Deontais a Fhaomhadh chuig an BOO agus chuig an Iarratas ar Leithdháileadh Maoinithe a bhaineann leis agus a gComhaontú Straitéiseach Feidhmíochta BOO, cáipéisí, sceidil agus treoirlínte gaolmhara mar fhreagra ar Cháipéis bliantúil Ceanglas Maoinithe de chuid SOLAS.

3. Comhoibreoidh an BOO le SOLAS i gcónaí maidir le soláthar na Seirbhísí agus tabharfaidh siad aghaidh agus réiteoidh siad aon cheist(eanna) a d’fhéadfadh tionchar a bheith acu ar sholáthar na Seirbhísí de réir na Leibhéal Seirbhíse sa Litir um Dheontais a Fhaomhadh de chuid BOO agus an Iarratais ar Leithdháileadh Maoinithe a bhaineann leis agus a gComhaontú Straitéiseach Feidhmíochta BOO, cáipéisí, sceidil agus treoirlínte gaolmhara mar fhreagra ar Cháipéis bliantúil Ceanglas Maoinithe de chuid SOLAS.

4. Féadfaidh SOLAS na Seirbhísí, na Leibhéil Seirbhíse, an leithdháileadh Maoinithe faofa agus/nó aon oibleagáidí eile de bhun na dTéarmaí agus na gCoinníollacha seo a athrú, a chur leo, a mhodhnú nó a leasú, lena n-áirítear mar thoradh ar athruithe sa reachtaíocht, tosaíochtaí nó beartais an rialtais nó an Aire, imthosca oibriúcháin atá i réim agus/nó tosaíochtaí polaitiúla, airgeadais, eacnamaíocha nó tosaíochtaí gaolmhara eile níos leithne. Nuair is gá leasuithe a dhéanamh, rachaidh SOLAS i gcomhairle go tráthúil leis an BOO, nuair is féidir. Áireofar i gcomhairliúchán den sórt sin breithniú ar aon mhéadú nó laghdú ar iarracht a theastaíonn chun spriocanna leasaithe a bhaint amach agus aon tionchar gaolmhar ar riachtanais aschuir.

5. I gcás ina soláthraíonn tríú páirtí an Cistiú iomlán nó cuid de do SOLAS (lena n-áirítear, ach gan a bheith teoranta do, Ciste Sóisialta na hEorpa agus/nó an Ciste Eorpach um Dhomhandú), comhlíonfaidh an BOO ar gach slí aon choinníoll maoinithe de chuid an tríú páirtí ábhartha, ní mór do na BOOanna ciorcláin an Údaráis Deimhnithe ábhartha CSTE (RBATNE) agus na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe maidir le ceanglais incháilitheachta CSE a chomhlíonadh.

6. Cloífidh an BOO ar gach slí le ciorclán 13/2014 na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe maidir lena dheontas maoinithe ó SOLAS e.g. airgead nár caitheadh a thabhairt ar ais, ceadú chun maoiniú a thabhairt ar aghaidh srl. agus maidir le deontais ar aghaidh ón maoiniú a fuarthas ó SOLAS, ní mór sonraí na ndeontas ar aghaidh seo agus a bhfaighteoirí/bhfaighteoirí beartaithe a sholáthar do SOLAS, mar aon le sonraí na dTéarmaí agus Coinníollacha a bhaineann leis na híocaíochtaí ar aghaidh seo de réir mar is cuí (nó más infheidhme).

7. Soláthróidh an BOO ráiteas comhardaithe sealadach don bhliain roimhe sin do SOLAS tráth nach déanaí ná deireadh mhí Feabhra na bliana dár gcionn mar aon le sraith iomlán cuntas iniúchta ar a dtabhairt chun críche i gcomhréir leis an Acht um Boird Oideachais agus Oiliúna 2013. Más gá do BOO i gcúinsí eisceachtúla SOLAS a rangú mar fhéichiúnaí ina chuntais iarrfaidh siad cead sainráite ar SOLAS glacadh leis an dochar.

8. Sa chás go bhfuil maoiniú á chur ar fáil mar chuid de shocrú cómhaoinithe, éilítear ar an BOO dearbhú a sholáthar go bliantúil faoi fhoinse, méid agus cuspóir gach maoinithe eile a fhaightear, mar aon le deimhniú nach bhfuil aon dúbailt ar mhaoiniú. Ba cheart go dtabharfadh an dearbhú seo le fios freisin an bhfuil an maoiniú státchiste ó gach foinse níos mó ná 50% den ioncam iomlán.

9. Cinnteoidh an BOO go bhfuil an **Pearsanra** (lena n-áirítear gach fochonraitheoir) cáilithe agus go bhfuil taithí acu, de réir mar is gá agus/nó mar is cuí, chun na Seirbhísí a sholáthar.

10. Más rud é, agus mar a éilíonn SOLAS, go n-aontaíonn an BOO go gcomhoibreoidh sé le BOOanna eile, le hoifig áitiúil na Roinne Coimirce Sóisialaí, le soláthraithe eile foghlama nó oiliúna agus/nó le haon duine eile de réir mar a éilíonn SOLAS.

11. Cinnteoidh an BOO go gcaitear an maoiniú ar fad a sholáthraíonn SOLAS ar bhealach a chomhlíonfaidh gach reachtaíocht agus rialachán Sláinte & Sábháilteachta, Covid-19 agus Gníomhartha ar son na hAeráide.

**Ionadaí agus Athbhreithniú**

12. Ainmneoidh an BOO ionadaí don BOO, don Stiúrthóir Breisoideachais agus Oiliúna nó duine cuí eile a bheidh freagrach as idirchaidreamh a dhéanamh le SOLAS maidir le Pleanáil, Maoiniú agus Soláthar na Seirbhísí agus comhlíonadh oibleagáidí an BOO faoi na Téarmaí agus Coinníollacha seo.

13. Beidh ionadaí an BOO ar fáil chun bualadh le SOLAS ar bhonn rialta chun gach ábhar ábhartha a bhaineann le soláthar na Seirbhísí a phlé. Ina theannta sin, buailfidh ionadaí BOO agus ionadaí sinsearach de chuid an BOO le hionadaí SOLAS agus le hionadaí sinsearach de chuid SOLAS uair amháin ar a laghad gach 12 mhí chun athbhreithniú a dhéanamh ar na Leibhéil Seirbhíse don Leithdháileadh Cistithe comhaontaithe agus ar gach ábhar coimhdeach a eascraíonn as maidir leis na Téarmaí agus Coinníollacha seo.

**Tuairisciú Leanúnach agus Oibleagáidí Eile**

14. Soláthróidh an BOO do SOLAS nuashonruithe rialta (tráthúil, mion, agus i gcibé foirm a shonróidh SOLAS ó am go ham) maidir le soláthar na Seirbhísí, comhlíonadh na Leibhéal Seirbhíse nó aon ábhar a shonróidh SOLAS ó am go chéile.

15. Deimhneoidh an BOO go gcomhlíonfar gach oibleagáid reachtúil, oibleagáid de chuid an Aontais Eorpaigh agus oibleagáidí eile atá i bhfeidhm, lena n-áirítear an Cód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit, an Cód Iompraíochta do BOOanna agus oibleagáidí eile a bhfuil feidhm acu.

16. Tuairisceoidh an BOO do SOLAS go pras, i gcás caillteanais nó caillteanas ionchasacha nó i gcásanna ina dtagann gníomhaíochtaí a bhaineann le droch-chaighdeán seirbhísí a sholáthar chun solais atá á maoiniú trí dheontas SOLAS.

**Taifid**

17. Bunóidh agus coimeádfaidh BOO córas bainistithe taifead a chloífidh leis an gcleachtas is fearr agus coimeádfaidh agus coinneoidh sé go slán é (i gcibé foirm a d'fhéadfadh SOLAS a éileamh go réasúnach ó am go ham) na doiciméid agus na taifid go léir lena n-áirítear taifead airgeadais mionsonraithe ar gach fáltas, caiteachas agus na costais go léir a eascraíonn as na Seirbhísí, leabhair chuntais chearta, taifid dearbhaithe cáilíochta agus taifid

mhionsonraithe eile a éilíonn SOLAS agus/nó de réir an dlí (na **"Taifid"**) le chéile. Má iarrann SOLAS é, cuirfidh an BOO cóipeanna de na Taifid ar fáil do SOLAS go pras.

18. Má iarrann SOLAS é, cuirfidh an BOO aon taifead ar fáil do SOLAS go pras (mar a shainmhínítear an téarma sin san Acht um Shaoráil Faisnéise 2014) a bhaineann le haon ábhar dá bhforáiltear, a eascraíonn maidir leis, nó i dtaca leis na Téarmaí agus Coinníollacha seo.

19. Gheobhaidh agus coinneoidh an BOO taifid bhailíochtaithe oideachais maidir le haon chlár oiliúna a sheachadtar faoi na Téarmaí agus Coinníollacha seo ó Dhearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann agus gach comhlacht deimhniúcháin ábhartha eile.

20. Tabharfar cead rochtana do SOLAS, in éineacht le hoifigigh ón Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta agus/nó ó aon roinn rialtais eile, oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste, an Coimisiún Eorpach agus Cúirt Iniúchóirí na hEorpa, Aonad Iniúchóireachta Inmheánaí, agus/nó aon chomhlacht eile a bhféadfaidh SOLAS a chur in iúl don BOO, ar aon láthair/láithreacha ina gcoinnítear taifid faoi na Téarmaí agus Coinníollacha seo chun scrúdú a dhéanamh ar gach taifead airgeadais agus eile a choinníonn an BOO i dtaca leis na Seirbhísí.

21. Comhlíonfaidh an BOO agus freagróidh sé gach iarratas, fógra, ordú nó eile a chuirtear isteach de bhun na dTéarmaí agus na gCoinníollacha seo a bhaineann leis na gníomhaíochtaí a mhaoinítear de bhun na dTéarmaí agus na gCoinníollacha seo, ar choinníoll nach sárú ar oibleagáidí reachtúla BOO a bheidh i gceist leis na gníomhartha sin. Má theastaíonn toiliú tríú páirtí chun cead a thabhairt don BOO an coinníoll seo a chomhlíonadh, déanfaidh an BOO a dhícheall an toiliú riachtanach a fháil ón tríú páirtí ábhartha.

22. Coimeádfaidh an BOO an córas PLSS chomh cothrom le dáta agus is féidir ar mhaithe le cloí le ceanglais iontrála sonraí um thuairisciú ar líon foghlaimeoirí. Ba cheart a fhios a bheith ag BOOanna go mbeidh go mbeidh monatóireacht á déanamh ag SOLAS ar dhul chun cinn i gcoinne spriocanna córais bunaithe ar shonraí PLSS.

**Árachas agus Dliteanas**

23. Coimeádfaidh agus coinneoidh an BOO polasaithe árachais cuí. Déanfar nóta de leas SOLAS maidir le haon bheartas den sórt sin agus slánóidh an beartas sin SOLAS go hiomlán. Seasfaidh an BOO gach barrachas agus asbhaint in aon cheann de na hárachais riachtanacha.

24. Ní bheidh SOLAS faoi dhliteanas i leith aon ghortú, caillteanas agus/nó damáiste ar bith nó i gcás duine ar bith de bharr aon ghníomh, mainneachtain agus/nó neamhghníomh de chuid an BOO, a sheirbhísigh, a ghníomhairí nó an Pearsanra. Slánóidh BOO SOLAS go hiomlán agus coinneoidh sé SOLAS neamhdhíobhálach ó agus i gcoinne gach éilimh, imeachta, breithiúnais, costais agus/nó dliteanais de chineál ar bith (lena n-áirítear costais dlí) a eascraíonn as na Seirbhísí agus/nó i leith aon sárú ar na Téarmaí agus Coinníollacha seo.

**Cosaint Sonraí**

25. Comhlíonfaidh gach páirtí a chuid oibleagáidí faoin Reachtaíocht Infheidhme um Chosaint Sonraí.

26. Chomh fada agus a ghníomhaíonn páirtí mar Rialaitheoir ("Rialaitheoir Nochta") agus a sholáthraíonn Sonraí Pearsanta don pháirtí eile atá ag gníomhú mar Rialaitheoir ("Rialaitheoir Faighteora"), comhaontaíonn na páirtithe, de réir na Reachtaíochta um Chosaint Sonraí is Infheidhmithe, na nithe seo a leanas:

    26.1 beidh an Rialaitheoir Nochta freagrach as a chinntiú go gcuirfidh sé gach faisnéis próiseála chothrom riachtanach ar fáil d'Ábhar Sonraí óna bhfuair sé na Sonraí Pearsanta sin; agus

26.2 beidh an Rialaitheoir Faighteora freagrach as a chinntiú go gcuirfidh sé gach faisnéis próiseála chothrom riachtanach ar fáil d'Ábhar Sonraí óna bhfuair sé na Sonraí Pearsanta sin; agus

26.3 ghlac gach páirtí na céimeanna cuí chun a phróiseáil ar na Sonraí Pearsanta a dhlisteanú chun a chumasú dó Sonraí Pearsanta den sórt sin a phróiseáil chun na gcríoch ábhartha.

27. Más rud é agus chomh fada agus a fheidhmíonn páirtí amháin mar Phróiseálaí Sonraí Pearsanta don pháirtí eile, comhaontaítear go ndéanfaidh na páirtithe, i gcomhréir le ceanglais na Reachtaíochta um Chosaint Sonraí is Infheidhme agus, go háirithe Airteagail 28 agus 29 den GDPR, comhaontú próiseála sonraí a dhéanamh i bhfoirm atá forordaithe ag SOLAS.

**Rúndacht**

28. Déileálfaidh an BOO, a sheirbhísigh nó a ghníomhairí agus/nó an Pearsanra leis an bhfaisnéis agus leis an eolas ar fad a fhaigheann an BOO le linn Théarma an Mhaoinithe agus/nó Téarma an Leathnaithe de réir mar is infheidhme, (seachas an méid atá san fhearann poiblí nó a thagann faoi bhráid an phobail gan locht ar bith ar cheachtar páirtí), mar rún agus ní féidir iad a nochtadh cibé acu le linn an Téarma Maoinithe agus/nó Téarma an Leathnaithe, mar is infheidhme nó ag am ar bith ina dhiaidh sin, do dhaoine neamhúdaraithe nó a úsáidtear le haghaidh gnóthachain, brabúis nó aon chríche eile, ach amháin de réir aon fhoráil reachtúil nó treoir Rialtais.

**Réiteach Díospóide**

29. Má bhíonn easaontas ann maidir leis na Seirbhísí, na Leibhéil Seirbhíse, ar faomhadh an Iarratas ar Leithdháileadh Maoinithe ina leith nó aon ábhar eile atá faoi rialú ag na Téarmaí agus Coinníollacha seo (**"Díospóid"**), tá sé i gcúnant SOLAS agus an BOO dá chéile go bhféachfaidh siad de mheon macánta leis an Díospóid sin a réiteach. Nuair is cuí d'fhéadfadh Grúpa Idirchaidrimh BOO/SOLAS cabhrú le réiteach díospóidí.

30. Má thagann Díospóid chun cinn, rachaidh ionadaí SOLAS agus ionadaí BOO dá dtagraítear i gcoinníoll 11 de na Téarmaí agus Coinníollacha seo i mbun idirbheartaíochta lena chéile d'fhonn Díospóid den sórt sin a réiteach ar bhealach atá comhsheasmhach le forálacha na dTéarmaí agus na gCoinníollacha seo.

31. Má theipeann ar ionadaí SOLAS agus ar ionadaí an BOO réiteach a chomhaontú maidir leis an Díospóid laistigh de 2 sheachtain ó thús an phlé dá dtagraítear i gcoinníoll 26 de na Téarmaí agus Coinníollacha seo, féadfaidh ceachtar páirtí an Díospóid a fhormhéadú chuig ionadaí sinsearach SOLAS agus chuig ionadaí sinsearach BOO dá dtagraítear i gcoinníoll 12 na Téarmaí agus Coinníollacha seo.

32. Mura n-éiríonn le hionadaí sinsearach SOLAS agus le hionadaí sinsearach an BOO teacht ar réiteach maidir leis an Díospóid laistigh de thréimhse réasúnach ama (agus in aon chás, laistigh de 2 sheachtain ó chuaigh siad i mbun plé chun an Díospóid a réiteach), féadfar ceachtar páirtí an Díospóid a fhormhéadú chuig Príomhfheidhmeannach SOLAS agus chuig Príomhfheidhmeannach an BOO. Más rud é ina dhiaidh sin, go bhfuil an cheist gan réiteach fós, is ag SOLAS amháin a bheidh an rogha chun an toradh a chinneadh.

33. Beidh na Téarmaí agus Coinníollacha seo á rialú agus á bhforléiriú ar gach slí de réir dhlíthe na hÉireann agus géillfidh gach ceann de na páirtithe faoi dhlínse neamheisiatach Chúirteanna na hÉireann chun gach críche a bhaineann leis seo.

**Ginearálta**

34. Cuirfear tús le forfheidhmiú na dTéarmaí agus na gCoinníollacha seo ar an 1 Eanáir 2023 agus leanfar leis go dtí go gcinnfidh SOLAS, dá rogha féin amháin, iad a ionadú, iad a leasú nó a fhoirceannadh.

35. Cuirfidh an BOO agus SOLAS na doiciméid, na gníomhartha agus na nithe sin ar fad dá leithéid i bhfeidhm agus a dhéanamh de réir mar is gá go réasúnach chun forálacha na dTéarmaí agus na gCoinníollacha seo a chur i bhfeidhm.

36. Cuirfidh an BOO agus SOLAS na doiciméid, na gníomhartha agus na nithe sin ar fad dá leithéid i bhfeidhm agus a dhéanamh de réir mar is gá go réasúnach chun forálacha na dTéarmaí agus na gCoinníollacha seo a chur i bhfeidhm.

37. Mura gcloíonn an BOO go leordhóthanach le haon cheann de théarmaí ábhartha na dTéarmaí agus na gCoinníollacha seo nó mura n-éiríonn leis cuid de na Seirbhísí nó na Seirbhísí go léir a sholáthar de réir na Leibhéal Seirbhíse sa Leithdháileadh Maoinithe faofa féadfaidh SOLAS beart a dhéanamh lena n-áirítear, gan a bheith teoranta do na nithe seo a leanas:
    - 37.1 Moill ar scaipeadh an Mhaoinithe a chuirtear ar fáil faoi na Téarmaí agus Coinníollacha seo.
    - 37.2 Coinneáil siar an Mhaoinithe ar fad nó cuid de a chuirtear ar fáil faoi na Téarmaí agus Coinníollacha seo.
    - 37.3 Coinneáil siar an Mhaoinithe ar fad nó cuid de a chuirtear ar fáil faoi na Téarmaí agus Coinníollacha seo.
    - 37.4 Cúiteamh a dhéanamh ar aon ghné den Mhaoiniú in aghaidh aon leithdháileadh maoinithe amach anseo.

38. Ní mheasfar go gcruthóidh na Téarmaí agus Coinníollacha seo aon chomhpháirtíocht nó comhfhiontar idir na páirtithe i ndáil le soláthar na Seirbhísí nó eile nó a bhunaíonn aon pháirtí mar ghníomhaire do pháirtí eile.

39. Tá gach ceann de na forálacha atá sna Téarmaí agus Coinníollacha seo leithleach agus infheidhmithe dá réir agus má mheasann aon chúirt nó aon údarás rialála nó gníomhaireachta dlínse inniúla ag am ar bith aon fhoráil a bheith ar neamhní nó neamh-infheidhmithe go hiomlán nó go páirteach ní dhéanfaidh sé difear ar bith do bhailíocht, dlíthiúlacht agus in-fhorghníomhaitheacht an chuid eile de na forálacha ná ní bhainfidh siad leo ná ní chuirfear isteach orthu ar shlí ar bith. Déanfaidh na páirtithe a ndícheall chun críche na forála neamhní nó neamh-infheidhmithe (nó cuid di) a bhaint amach trí choinníoll nua atá bailí ó thaobh dlí de.

40. Ní bheidh tarscaoileadh ar aon cheart de bhun na dTéarmaí agus na gCoinníollacha seo infheidhmithe ach amháin má thugtar i scríbhinn é agus é sínithe ag an bpáirtí a bhfuil an ceart sin aige. Ní bheidh tarscaoileadh ag páirtí ar aon sárú ar fhoráil de na Téarmaí agus Coinníollacha seo (nó aontú páirtí in aon ghníomh (cibé acu de choimisiún nó neamhghníomh) a bheadh ina shárú ar fhoráil de na Téarmaí agus Coinníollacha seo murach géilleadh dá leithéid ina tharscaoileadh ginearálta ar aon fhoráil eile de na Téarmaí agus Coinníollacha seo, nó tarscaoileadh ar aon ghníomh ina dhiaidh sin atá contrártha dó.

41. Gabhann na Téarmaí agus Coinníollacha seo ionad gach comhaontaithe roimhe seo (más ann dó) idir an BOO agus SOLAS maidir le maoiniú a sholáthar do Bhreisoideachas agus Oiliúint mar atá leagtha amach in Iarratas Bliantúil ar Leithdháileadh Maoinithe agus leithdháileadh faofa.

**Sainmhínithe**

42. Ach amháin i gcás ina sainítear a mhalairt, beidh feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas maidir leis na Téarmaí agus Coinníollacha seo:

42.1 "Téarmaí agus Coinníollacha", na Téarmaí agus Coinníollacha seo;

42.2 "**Lá Gnó**", lá (seachas Satharn, Domhnach nó lá saoire poiblí) a mbíonn bainc in Éirinn ar oscailt le haghaidh gnó;

42.3 Dáta Tosaithe an 1 Eanáir 2023;

42.4 “Maoiniú”, cibé maoiniú a chomhaontófar idir SOLAS agus an BOO ó am go ham maidir le soláthar na Seirbhísí;

42.5 “Cáipéis Ceanglas Maoinithe de chuid SOLAS”, doiciméad beartais SOLAS ón mbarr anuas chun an BOO a threorú ina phleanáil bhliantúil maidir le freagra agus iarratais soláthar seirbhísí Breisoideachais agus Oiliúna ar mhaoiniú trí phróiseas bliantúil an Iarratas Leithdháilte Maoinithe; “Cionroinnt Maoinithe” an maoiniú comhaontaithe do na seirbhísí atá leagtha amach in Iarratas Bliantúil ar Leithdháileadh Maoinithe an BOO;

42.6 “Cionroinnt Maoinithe” an maoiniú comhaontaithe do na seirbhísí atá leagtha amach in Iarratas Bliantúil ar Leithdháileadh Maoinithe an BOO;

42.7 ‘Iarratas Bliantúil ar Leithdháileadh Maoinithe’ an t-iarratas ón BOO ar mhaoiniú chun seirbhísí a sholáthar mar fhreagra ar Doiciméad Uileghabhálach um Paraiméadair Phleanála agus Mhaoiniúcháin Uileghabhálach SOLAS;

42.8 ‘Litir um Deontais a Fhaomhadh’ ag deimhniú fhaomhadh Bhord SOLAS maidir le maoiniú an BOO;

42.9 “Pearsanra”, fostaithe an BOO nó aon fhochonraitheoir a fheidhmeoidh na Seirbhísí;

42.10 “Seirbhísí”, na seirbhísí a sholáthraíonn an BOO a bhfuil na sonraí fúthu leagtha amach san iarratas ar leithdháileadh maoinithe agus sa litir um deontais a fhaomhadh;

42.11 “Leibhéil Seirbhíse”, na treoracha, na treoirlínte agus na caighdeáin go léir a d’fhéadfadh SOLAS a cheangal ar an BOO a chomhlíonadh ó am go chéile maidir leis na Seirbhísí a sholáthar;

42.12 “Reachtaíocht Infheidhme um Chosaint Sonraí” gach dlí a bhaineann le próiseáil Sonraí Pearsanta, príobháideacht agus slándáil lena n-áirítear, gan teorainn, an Treoir um Chosaint Sonraí 95/46/EC, na hAchtanna um Chosaint Sonraí 1988, 2003, agus 2018, an tAcht Roinnt Sonraí agus Rialachais, 2019, an Treoir um Príobháideacht agus Cumarsáid Leictreonaí 2009/136/EC agus an Rialachán Ginearálta um Chosaint Sonraí (AE) 2016/679 ("RGCS") agus, i gcás ina n-éilíonn an comhthéacs amhlaidh reachtaíocht choibhéiseach nó athsholáthair aon dlínse is infheidhme, reachtaíocht tharmligthe maidir le reachtaíocht náisiúnta eile um chosaint sonraí, agus gach reachtaíocht eile is infheidhme dlí, rialacháin agus cóid iompair cheadaithe, deimhnithe, séalaí nó marcanna in aon dlínse ábhartha a bhaineann le Próiseáil Sonraí Pearsanta lena n-áirítear na tuairimí, treoir, comhairle, treoracha, orduithe agus cóid chleachtais arna n-eisiúint nó arna gceadú ag Údarás Maoirseachta nó Airteagal 29 An Mheitheal nó an Bord Eorpach um Chosaint Sonraí;

42.13 Tá le “Rialtóir” an bhrí a shanntar dó in Airteagal 4(7) den GDPR;

42.14 Tá le “Sonraí Pearsanta” an bhrí a shanntar dó in Airteagal 4(1) den GDPR;

42.15 Tá le “Próiseálaí” an bhrí a shanntar dó in Airteagal 4(8) den GDPR;

42.16 “Comhaontuithe Straitéiseacha Feidhmíochta”, idir SOLAS agus gach ceann de na sé cinn déag de na BOOanna a leagann amach an comhthéacs, na tosaíochtaí straitéiseacha agus conas a chuirfidh gach BOO le príomhspriocanna na hearnála náisiúnta BOO a bhaint amach thar an tréimhse 2022-2024

## Aguisín 2 – spriocghrúpaí tosaíochta/spriocghrúpaí ar leith

| **Liosta spriocghrúpaí tosaíochta/spriocghrúpaí ar leith** |
|---|
| Daoine dífhostaithe go fadtéarmach |
| Daoine óga |
| Daoine faoi mhíchumas |
| Baill den phobal taistealaithe agus de phobal Romach |
| Imircigh agus teifigh |
| Mná ar mian leo filleadh ar an margadh saothair |
| Tuismitheoirí aonair |

## Aguisín 3 – Spriocghrúpaí ‘Straitéis Litearthachta don Saol Aosach’

| **Liosta gach spriocghrúpa ‘Straitéis Litearthachta don Saol Aosach’** |
|---|
| Aosaigh níos sine (55+) |
| Baill den phobal taistealaithe |
| Daoine faoi mhíchumas |
| Teaghlaigh aontuismitheora |
| Oibrithe ar phá íseal |
| Cúramóirí |
| Daoine dífhostaithe go fadtéarmach |
| Imircigh |
| Iarratasóirí cosanta idirnáisiúnta |
| Daoine a bhfuil riachtanais teanga acu |
| Daoine i bpríosún agus iarchiontóirí |
| Daoine atá ag teach chucu féin ó andúil |

## Aguisín 4 – teimpléad maitríse scórála

| Critéir meastóireachta maoinithe Rochtana | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **Teideal an togra chiste Rochtana** | | | | | | |
| **Ainm an ghrúpa pobail/na heagraíochta a chuir an togra isteach:** | | | | | | |
| Ciste Cúnaimh i gcomhair Foghlaimeoirí | Tionscadail Ghlasa | Rannpháirtíocht spriocghrúpaí/grúpaí tosaíochta | Feasacht ar chomhionannas | Spriocghrúpaí 'Straitéis Litearthachta don Saol Aosach' | Grúpaí pobail sa chéim réamhfhorbartha ag tacú le grúpaí ar an imeall | Tacaíocht do ghrúpaí teifeach |
| | | | | | | |

| | Critéir | | Riachtanach | Inmhianaithe |
|---|---|---|---|---|
| | **Scór íosta iomlán le baint amach chun an t-iarratas a mheas do mhaoiniú** | | **4** | **5** |
| **A** | Tacaíonn an tionscadal le haidhmeanna an chiste Rochtana. Tacaíonn = 1, Ní thacaíonn = 0 | | | |
| **B** | Ní dhéanann an tionscadal aithris ar obair eagraíochtaí forbartha pobail. Tacaíonn = 1, Ní thacaíonn = 0 | | | |
| **C** | Tá toradh oideachais soiléir, follasach agus dearfach ag baint leis an tionscadal d'fhoghlaimeoirí. Tacaíonn = 1, Ní thacaíonn = 0 | | | |
| **L** | Baineann an togra atá dírithe ar mhíbhuntáiste oideachasúil le D.1 nó D.2 thíos: | | | |
| | D.1 | Grúpa pobail a dhíríonn ar mhíbhuntáiste oideachasúil Is ea=2, No=0 | | |
| | D.2 | An BOO (togra inmheánach) Is ea = 1, Ní hea = 0 | | |
| **E** | Tá togra an spriocghrúpa dírithe ar: | | | |
| | E.1 | Spriocghrúpa tosaíochta/spriocghrúpa ar leith = 3 | | |
| | E.2 | Spriocghrúpaí 'Straitéis Litearthachta don Saol Aosach' = 3 | | |
| | E.3 | Foghlaimeoirí lánfhásta faoi mhíbhuntáiste = 2 | | |
| | E.4 | Foghlaimeoirí Breisoideachais agus Oiliúna eile = 1 | | |
| | E.5 | Foghlaimeoirí eile uile = 0 | | |
| **F** | Tá an grúpa pobail lonnaithe laistigh de limistéir dhubha dífhostaíochta/limistéar faoi mhíbhuntáiste laistigh de Réigiún na mBord Oideachais agus Oiliúna. Tá = 1, Níl = 0 | | | |
| **G** | Molann an tionscadal cur chuige nuálach chun díriú ar mhíbhuntáiste oideachasúil. Molann = 1, Ní mholann = 0 | | | |
| **H** | Is féidir torthaí an tionscadail a nascadh le tairbhithe ar PLSS. Is féidir = 1, Ní féidir =0 | | | |
| | **Scór fo-iomlán a bronnadh** | | | |
| # | | | *riachtanach#* | ***inmhianaithe#*** |
| | **Líon na scór riachtanach agus inmhianaithe a bronnadh** | | | |

**Comhlíonann sé na critéir íosta mhaoinithe** **Comhlíonann** ☐ **Ní chomhlíonann** ☐

| Arna fhaomhadh ag | Ról in BOO | Dáta |
|---|---|---|
| | | |